Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# Rialacha do láithreacha uaighe síothla

**Eanáir 2024**



## Sainmhínithe:

**Láthair Uaighe Síothla:** Is éard atá i gceist leis seo ná spás leithdháilte don leac uaighe laistigh de limistéar a bhfuil clocha thart timpeall air agus breacadh beag talún díreach lasmuigh den cholbha d'adhlacadh síothla/síothal.

## Rialacha:

- Cuireann Comhairle Chontae na Gaillimhe (an Chomhairle) ceart seirbhíse adhlactha laistigh de Láthair Uaighe Síothla ar fáil i roinnt reiligí d'adhlacadh luaithreach daonna. Is féidir le daoine ar mian leo leas a bhaint as an gceart seo Láthair Uaighe Síothla a cheannach ón gComhairle trí Fheighlí na Reilige.
- Is maoin de chuid na Comhairle í an Láthair Uaighe Síothla agus na háiseanna mórthimpeall. Ní cheadaíonn ceannach an chirt ach adhlacadh luaithreach daonna. Ní dhílsítear cearta úinéireachta maoine ar bith mar gheall ar an gceannach.
- Is é an Feighlí a leithdháileann Láthair Uaighe Síothla. Déantar an leithdháileadh bunaithe ar an gcéad láthair eile atá ar fáil agus ní féidir é a cheannach roimh ré.
- Cuirfidh an Chomhairle sonrasc chuig ceannaitheoir na láithreach uaighe síothla laistigh de choicís i ndiaidh leithdháileadh na láithreach agus is gá an íocaíocht a dhéanamh taobh istigh de choicís ó dháta an tsonraisc. Ní féidir leis an gceannaitheoir spás laistigh de láthair uaighe síothla a athdhíol ag pointe ar bith.
- Is gá don cheannaitheoir gach coimeádán/síothal a chur ar fáil agus is gá go mbeidh siad dúnta go daingean agus déanta as ábhar dolofa.
- Ceadófar dhá shíothal ar a mhéad a adhlacadh sa láthair uaighe síothla laistigh den spás a shainítear i Líníocht A.
- I gcás Láithreacha Uaighe Síothla is gá an coimeádán/síothal a adhlacadh le clúdach 30cm ar a laghad. Ní chúngófar ar na láithreacha uaighe in aice láimhe le linn na tochailte. Ní mór an t-ábhar a tochlaíodh a chur ar ais go dtí an leibhéal céanna leis an talún in aice láimhe agus féar a chur ag fás ar an láthair uaighe. Ní cheadófar cloch mhaisiúcháin ar bith taobh amuigh den cholbha.
- Is é freagracht an teaghlaigh/neasghaoil é leac uaighe a fháil don láthair uaighe síothla. Is gá go dtiocfaidh an leac uaighe leis an tsonraíocht i Líníocht A.
- Is gá go mbeadh feighlí na reilige i láthair le linn oscailt agus dúnadh láithreach uaighe síothla agus síothal á chur isteach nó á bhaint.
- Déanfar gach adhlacadh i Láthair Uaighe Síothla a thaifeadadh i gClár na nAdhlacthaí.

- Ní cheadófar earraí cuimhneacháin a chur laistigh de cholbha na Láithreach Uaighe Síothla. Ceadófar bláthanna úra a fhad is nach gcúngaíonn siad ar an spás in aice láimhe agus go mbaintear iad agus iad feoite.
- Forchoimeádann an Chomhairle agus a gníomhairí údaraithe an ceart ábhar neamhchomhlíontach a bhaint ón spás mórthimpeall ar Láithreacha Uaighe Síothla chun spás sábháilte agus glan a choimeád agus chun seirbhís leanúnach mheasúil a chur ar fáil.
- €675 a chosnaíonn Láthair Uaighe Síothla.